2026/1194

4.6.2026

TREOIR (AE) 2026/1194 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Bealtaine 2026

lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha do shaoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad

(athmhúnlú)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 22 (1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Tá roinnt leasuithe le déanamh ar Threoir (AE) 94/80/CE ón gComhairle ([2]). Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Treoir sin a athmhúnlú.

(2) Le hAirteagal 20(2), an chéad fhomhír, pointe (b) agus le hAirteagal 22(1) den Chonradh ar fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) tugtar an ceart chun vótáil do shaoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad, agus an ceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha ina mBallstát cónaithe faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit sin. Tugann an ceart sin, ar ceart é a dhearbhaítear le hAirteagal 40 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), léiriú sonrach do phrionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe ar bhonn náisiúntachta, a leagtar amach in Airteagal 21 den Chairt. Is atoradh é freisin ar an gceart chun gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse a chumhdaítear in Airteagal 20(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus in Airteagal 21 CFAE agus in Airteagal 45 den Chairt.

(3) Le Treoir 94/80/CE leagtar amach na socruithe sonracha lena rialaítear feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha.

(4) Sa Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020 ón gCoimisiún, leag an Coimisiún béim ar an ngá atá leis na rialacha maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha a nuashonrú, a shoiléiriú agus a neartú chun a áirithiú go gcuideoidh siad le rannpháirtíocht leathan chuimsitheach shaoránaigh shoghluaiste den Aontas. I bhfianaise an mhéid sin, agus an taithí a fuarthas as cur i bhfeidhm Threoir 94/80/CE le haghaidh toghcháin leantacha á cur san áireamh, agus chun na hathruithe a tugadh isteach leis na leasuithe ar na Conarthaí a chur san áireamh, ba cheart roinnt forálacha ón Treoir sin a nuashonrú.

(5) An nós imeachta a bhaineann le toghcháin bhardasacha, tagann sé faoi réimse inniúlacht na mBallstát a eagraíonn iad, i gcomhréir lena dtraidisiúin shonracha agus le caighdeáin idirnáisiúnta agus Eorpacha. I gcomhréir leis an gCúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla agus forálacha an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine, ba cheart do na Ballstáit an ceart atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a aithint agus a urramú, ní hamháin sin ach rochtain éasca ar a gcearta toghchánacha a áirithiú freisin tríd an oiread constaicí ar thoghcháin a bhaint agus is féidir.

([1]) Tuairim an 14 Feabhra 2023 (IO C 283, 11.8.2023, lch. 100).
([2]) Treoir 94/80/CE ón gComhairle an 19 Nollaig 1994 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (IO L 368, 31.12.1994, lch. 38, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1994/80/oj).

(6) Chun a áirithiú gur féidir le saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad ('saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad') a gceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha a fheidhmiú faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh dá mBallstátcónaithe, ba cheart na coinníollacha lena rialaítear clárú agus rannpháirtíocht i dtoghcháin den sórt sin a shoiléiriú chun cóir chomhionann a áirithiú idir saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh iad agus saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad. Go háirithe, ba cheart cóir chomhionann a thabhairt do shaoránaigh den Aontas atá ag iarraidh vótáil agus seasamh mar iarrthóirí i dtoghcháin bhardasacha ina mBallstát cónaithe a mhéid a bhaineann le haon tréimhse chónaithe atá le comhlíonadh mar choinníoll chun an ceart a fheidhmiú, chomh mhaith leis an gcruthúnas a cheanglaítear chun comhlíonadh coinníll den sórt sin a thaispeáint.

(7) Ina theannta sin, níor cheart go mbeadh sé mar cheangal ar shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad coinníollacha speisialta a chomhlíonadh chun an ceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha a fheidhmiú, mura rud é, ar bhonn eisceachtúil, go bhfuil bonn cirt le cóir dhifriúil idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh in imthosca a bhaineann go sonrach leis na neamhnáisiúnaigh a idirdhealú ó na náisiúnaigh.

(8) Chun feidhmiú an chirt atá ag saoránaigh den Aontas chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir ina mBallstát cónaithe a éascú, ba cheart saoránaigh den sórt sin a chur leis an rolla toghthóirí in am trátha roimh lá na vótála. Ba cheart go mbeadh na foirmiúlachtaí is infheidhme maidir lena gclárú chomh simplí agus is féidir. Chun go gclárófaí iad, ba cheart gur leor do na saoránaigh den Aontas lena mbaineann na doiciméid chéanna a sholáthar agus a sholáthraíonn vótálaithe ar náisiúnaigh iad. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a cheangal ar vótálaithe ar saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad doiciméad aitheantais bailí agus dearbhú foirmiúil a sholáthar ina bhfuil gnéithe lena léirítear go bhfuil siad i dteideal páirt a ghlacadh sna toghcháin. Nuair a bheidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad cláraithe, ba cheart iad a fhágáil ar an rolla toghthóirí faoi na coinníollacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le saoránaigh den Aontas ar náisiúnaigh den Bhallstát lena mbaineann iad, fad is a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha chun an ceart chun vótáil a fheidhmiú. I gcás inarb infheidhme ba cheart saoránaigh den Aontas a bheith in ann sonraí teagmhála a sholáthar do na húdaráis inniúla, rud a chuirfidh ar chumas na n-institiúidí sin iad a choinneáil ar an eolas ar bhonn rialta.

(9) Cé go bhfuil na Ballstáit inniúil ar an gceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha a chinneadh a mhéid a bhaineann le náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá gcríoch, níor cheart saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad a bhaint den rolla toghthóirí ina mBallstát baile mar gheall gur cuireadh iad ar an rolla toghthóirí ina mBallstát cónaithe agus mar gheall ar an bhforas sin amháin.

(10) Féadfar díothú ón gceart chun seasamh mar iarrthóir a ordú trí chinneadh aonair na n-údarás sa Bhallstát cónaithe nó sa Bhallstát baile. I bhfianaise na tábhachta polaitiúla a bhaineann le hoifig bhardasach a shealbhú, ba cheart na Ballstáit a bheith i dteideal faisnéis a fháil ón mBallstát baile maidir le díothú an chirt chun seasamh mar iarrthóir i mBallstát baile an iarrthóra.

(11) Ós rud é gur féidir dualgais cheannaireacht na mbunaonad rialtais áitiúil a bheith bainteach le húdarás oifigiúil a fheidhmiú agus an leas ginearálta a choimirciú, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann na hoifigí sin a fhorchoimeád dá náisiúnaigh agus lánurraim á tabhairt do phrionsabal na comhréireachta.

(12) Ar an gcaoi chéanna, ba cheart gurbh fhéidir le hoifigeach bardasach tofa a bheith rannpháirteach i dtoghchán do chomhthionól parlaiminteach a fhorchoimeádfar do náisiúnaigh an Bhallstáit féin.

(13) I gcás ina bhforáiltear le dlíthe na mBallstát go bhfuil sé neamhréireach a bheith in oifig bhardasach thofa agus a bheith in oifigí eile, ba cheart an Ballstát a bheith in ann raon feidhme na ndlíthe sin a leathnú chun oifigí coibhéiseacha atá acu i mBallstát eile a

(14) Is gá saoirse shaoránaigh den Aontas maidir le cinneadh a dhéanamh cé acu a bheith rannpháirteach nó gan a bheith rannpháirteach i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát cónaithe a urramú agus go bhféadfaidh na saoránaigh sin a mian a chur in iúl chun a gceart chun vótáil ina mBallstát cónaithe a fheidhmiú. Is iomchuí, dá bhrí sin, go ndéanfadh na Ballstáit nach bhfuil an vótáil éigeantach iontu foráil chun na saoránaigh sin atá ar an rolla toghthóirí a chlárú.

(15) Príomhghné chun feidhmiú éifeachtach an chirt a chumhdaítear in Airteagal 20(2), an chéad fhomhír, pointe (b), agus in Airteagal 22(1) CFAE a áirithiú is ea inrochtaineacht ar fhaisnéis maidir le cearta agus nósanna imeachta toghchánacha.

(16) Déanann an easpa faisnéis leormhaith difear, i gcomhthéacs nósanna imeachta toghchánacha, do shaoránaigh agus iad ag feidhmiú a gcearta toghchánacha mar chuid dá gcearta mar shaoránaigh den Aontas. Déanann sé difear freisin d'inniúlacht na n-údarás inniúil chun a gcearta a fheidhmiú agus a gcuid oibleagáidí a chur i gcrích. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go soláthróidh na húdaráis inniúla faisnéis iomchuí do shaoránaigh den Aontas maidir lena gcearta faoi Airteagal 20(2), an chéad fhomhír, pointe (b), agus faoi Airteagal 22(1) CFAE agus faoi na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha a bhaineann le rannpháirtíocht i dtoghcháin bhardasacha agus lena n-eagrú. Ba cheart a thuiscint go n-áirítear ar na húdaráis inniúla údaráis arna n-ainmniú ar leibhéal fonáisiúnta más ar an leibhéal sin a fheidhmítear an fhreagracht as toghcháin bhardasacha a eagrú de ghnáth i gcomhréir leis an oird bhunreachtúil náisiúnta. Chun éifeachtacht na cumarsáide a áirithiú, ba cheart an fhaisnéis a sholáthar i dtéarmaí soiléire agus sothuigthe. Ciallaíonn sé sin gur cheart faisnéis a sholáthar ar bhealach ar féidir a bheith ag súil leis le réasún go dtuigfeadh an duine lena mbaineann í. Tá an ceanglas maidir le teanga ghlan shoiléir le haithint i gcomhthéacs na gceanglas foirmiúil maidir le nósanna imeachta riaracháin sa Bhallstát. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann tagairt a dhéanamh d'fhorálacha an dlí náisiúnta agus faisnéis á tabhairt acu faoin gcinneadh maidir le hiarratas chun clárú mar iarrthóir nó mar vótálaí de réir bhrí na Treorach seo. Ba cheart na húdaráis inniúla a bheith in ann fógra a thabhairt d'ionadaí údaraithe maidir le cinneadh den sórt sin.

(17) Chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na faisnéise toghchánaí, ba cheart faisnéis ghinearálta maidir le heagrú toghchán, coinníollacha clárúcháin do vótálaithe agus d'iarrthóirí, dáta an toghcháin agus cén chaoi agus cá háit le vótáil a chur ar fáil, mar shampla ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ghinearálta air agus ina gcuirtear aistriúchán uathoibríoch ar fáil, i gceann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais. Níor cheart ach feidhm faisnéise a bheith ag na haistriúcháin i dteangacha eile den sórt sin agus níor cheart aon éifeacht dhlíthiúil a bheith acu. Má thagann aon cheist chun cinn maidir le cruinneas na faisnéise atá sna haistriúcháin sin, níor cheart ach na leaganacha i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit sin a mheas a bheith ceangailteach ó thaobh dlí de.

(18) Caithfidh gá a bheith le haon mhaolú ó rialacha ginearálta na Treorach seo, de bhun Airteagal 22 (1) CFAE, mar gheall ar fhadhbanna a bhaineann go sonrach le Ballstát agus caithfidh sé bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 52 den Chairt, lena n-áirítear an ceanglas go bhforáilfear leis an dlí d'aon teorainn le feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha agus go gcuirfear faoi réir phrionsabail na comhréireachta agus an riachtanais iad. Ina theannta sin, caithfidh aon mhaolú, a bheith i gcomhréir le hAirteagal 47 den Chairt.

(19) D'fhéadfadh fadhbanna sonracha teacht chun cinn i mBallstát ina bhfuil an sciar de na saoránaigh den Aontas atá in aois vótála, a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad, go mór thar an meán. Maoluithe maidir leis an gceart vótála, tá údar leo nuair is ionann líon na saoránach sin agus níos mó ná 20 % de chlár iomlán na dtoghthóirí.. Ba cheart maoluithe den sórt sin a bheith bunaithe ar chritéar tréimhse cónaithe.

(20) Ballstáit ina bhfuil an sciar de shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad atá in aois vótála thar 20 % de líon iomlán shaoránaigh an Aontais atá in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann ba cheart an deis a bheith acu, i dtaca le h Airteagal 22(1) CFAE, forálacha sonracha a bhaineann le comhdhéanamh na liostaí iarrthóirí a leagan síos.

(21) Is gá a chur san áireamh go bhfuil an ceart chun vótáil i dtoghcháin don pharlaimint náisiúnta i mBallstáit áirithe ag cónaitheoirí ar náisiúnaigh de Bhallstáit eile iad. agus Féadfar forálacha áirithe den Treoir seo a fhágáil ar lár sna Ballstáit sin dá thoradh sin.

(22) Baineann gnéithe agus cothromaíochtaí sonracha le Ríocht na Beilge toisc go ndéantar foráil in Airteagal 1 go hAirteagal 4 ina Bunreacht maidir le trí theanga oifigiúla agus deighilt críche i réigiúin agus i bpobail. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh éifeachtaí a bheith ag cur i bhfeidhm iomlán na Treorach seo i gcomúin áirithe a chiallódh gur ghá foráil a dhéanamh maidir le maolú féideartha ar fhorálacha na Treorach seo chun na gnéithe agus na cothromaíochtaí sonracha sin a chur san áireamh.

(23) Ba cheart don Choimisiún measúnú tráthrialta a dhéanamh ar chu i bhfeidhm na Treorach seo agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina leith sin. Ba cheart a áireamh sa tuarascáil faisnéis maidir leis na bearta a ghlacann na Ballstáit chun tacú le rannpháirtíocht saoránach den Aontas nach náisiúnaigh iad i dtoghcháin agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, sonraí staidrimh maidir le feidhmiú a gceart toghchánach. D'fhéadfaí a áireamh ar shonraí staidrimh den sórt sin, sonraí maidir le clárú vótálaithe agus iarrthóirí agus maidir le líon na vótálaithe, chomh maith le sonraí comhiomlánaithe anaithnidithe maidir le náisiúntacht, aois, teanga agus suíomh. Agus a n-acmhainneacht riaracháin agus an fíoras nach bhfuil aon oibleagáid ann sonraí nua a bhailiú nó a chruthú á gcur san áireamh, ba cheart do na Ballstáit a ndícheall a dhéanamh tacú leis an gcleachtas sin tríd an bhfaisnéis atá ar fáil a sholáthar go tráthúil ar bhonn ceistneoir arna scaipeadh ag an gCoimisiún.

(24) I gcás inarb infheidhme, nuair a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil chun sonraí staidrimh a sholáthar don Choimisiún maidir le rannpháirtíocht saoránach den Aontas nach náisiúnaigh iad i dtoghcháin, ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), lena n-áirítear prionsabail an teorannaithe de réir cuspóra, an íoslaghdaithe sonraí, an teorannaithe stórála agus na sláine agus na rúndachta. Go háirithe, ba cheart próiseáil sonraí pearsanta chun críoch staidrimh a bheith faoi réir coimircí iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 89(1) de Rialachán (AE) 2016/679 agus le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2018/1725. I ndáil leis sin, ba cheart sonraí a chomhroinnt trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí feabhsaithe príobháideachais atá deartha go sonrach chun na prionsabail sin a chur chun feidhme. Ba cheart sonraí staidrimh a phróiseáiltear chun críocha na Treorach seo a chomhiomlánú sa mhéid nach bhféadfaí daoine aonair a shainaithint.

(25) Is gá don Choimisiún a mheastóireacht féin a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Treorach seo laistigh de theorainn ama réasúnta tar éis a theacht i bhfeidhm, meastóireacht a bhainfeadh i gcomhar leis an meastóireacht ar chur i bhfeidhm Threoir 2025/1788 ón gComhairle ([5]).

(26) Chun a áirithiú go leanfaidh liosta na mbunaonad rialtais sna Ballstáit de bheith cothrom le dáta , ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún chun liosta na mbunaonad rialtais a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([6]). Go sonrach, chun rochtain thráthúil ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart don Chomhairle na doiciméid uile a fháil ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain chórasach a bheith ag a cuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(27) Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit, trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas a dhaingniú, agus ag an Aontas, tríd a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh 2010/48/CE ón gComhairle ([7]), chun a áirithiú go gcomhlíonfar an Coinbhinsiún sin lena n-áirítear Airteagal 29 de maidir le rannpháirtíocht sa saol polaitiúil agus poiblí. Chun tacú le rannpháirtíocht chuimsitheach agus chomhionann daoine faoi mhíchumas i dtoghcháin, ba cheart aird chuí a bheith ag na socruithe le haghaidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad dá chuid iad chun a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin bhardasacha ar riachtanais na saoránach faoi mhíchumas agus na saoránach níos sine.

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Phairlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([5]) Treoir (AE) 2025/1788 ón gComhairle an 24 Meitheamh 2025 lena leagtar síos socruithe mionsonraithe maidir leis an gceart vótála agus leis an gceart chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa a fheidhmiú do shaoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad (IO L, 2025/1788, 8.9.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/1788/oj).

([6]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

([7]) Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (IO L 23, 27.1.2010, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2010/48(1)/oj).

(28) Tá feidhm ag Rialacháin (AE) 2016/679 agus (AE) 2018/1725 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáiltear agus an Treoir seo á cur chun feidhme.

(29) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir barúlacha foirmiúla an 17 Eanáir 2022.

(30) Urramaítear leis an Treoir seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear, go háirithe, sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 agus 40 di. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear an Treoir seo chun feidhme i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail sin trína áirithiú go n-urramófar ina n-iomláine, inter alia, an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint, an ceart chun neamh-idirdhealú, an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha, an tsaoirse gluaiseachta agus cónaithe agus an ceart chun leigheas éifeachtach.

(31) Ba cheart an oibleagáid an Treoir seo a thrasuí sa dlí náisiúnta a theorannú do na forálacha sin ar leasú substainteach iad i gcomparáid leis na Treoracha a bhí ann roimhe seo. Is ann don oibleagáid na forálacha nach bhfuil athraithe a thrasuí mar thoradh ar na Treoracha a bhí ann roimhe seo.

(32) Ba cheart nár dhochar an Treoir seo d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Cuid B, a thrasuí sa dlí náisiúnta,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

Forálacha Ginearálta

Airteagal 1

Ábhar agus r*aon feidhme*

1. Leagtar síos leis an Treoir seo na socruithe mionsonraithe ina bhféadfaidh saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nach náisiúnaigh dá chuid iad ('saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad') a gcearta chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir a fheidhmiú sa Bhallstát sin i dtoghcháin bhardasacha.

2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Treoir seo difear do na forálacha ó aon Bhallstát a bhaineann leis an gceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir atá ag náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá chríoch nó ag náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin.

Airteagal 2

***Sainmh*ínithe**

1. Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'bunaonad rialtais áitiúil' eintiteas riaracháin mar a liostaítear in Iarscríbhinn I ina bhfuil, i gcomhréir le dlíthe an Bhallstáit ábhartha, comhlachtaí amháin nó níos mó a toghadh trí vótáil chomhchoiteann dhíreach agus a bhfuil de chumhacht aige, ag bunleibhéal an eagrúcháin pholaitiúil agus riaracháin, gnóthaí áitiúla áirithe faoina chúram féin a riar;

(b) ciallaíonn 'toghcháin bhardasacha' toghcháin trí vótáil chomhchoiteann dhíreach chun baill na comhairle ionadaíochta a cheapadh agus, i gcás inár iomchuí, faoi dhlíthe an Bhallstáit ábhartha, chun ceann agus baill fheidhmeannas an bhunaonaid rialtais áitiúil a cheapadh;

(c) ciallaíonn 'Ballstát cónaithe' Ballstát ina bhfuil cónaí ar shaoránach den Aontas ach nach náisiúnach dá chuid an saoránach den Aontas;

(d) ciallaíonn ‘Ballstát baile’ an Ballstát ar náisiúnach dá chuid saoránach den Aontas;

(e) ciallaíonn ‘an rolla toghthóirí’ clár oifigiúil na vótálaithe ar fad atá i dteideal vóta a chaitheamh i mbunaonad rialtais áitiúil áirithe nó i gceann dá fhoranna, clár arna tharraingt suas agus arna choinneáil cothrom le dáta ag an údarás inniúil faoi dhlí toghcháin an Bhallstáit chónaithe, nó an clár daonra má léirítear incháilitheacht chun vótáil ann;

(f) ciallaíonn ‘dáta tagartha’ an lá nó na laethanta nach mór do shaoránaigh den Aontas, faoi dhlí an Bhallstáit chónaithe, na ceanglais maidir le vótáil nó seasamh mar iarrthóir sa Bhallstát sin a chomhlíonadh;

(g) ciallaíonn ‘dearbhú foirmiúil’ dearbhú ón duine lena mbaineann, lena mbeadh an duine sin faoi dhliteanas pionós i gcás míchruinnis ann, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme.

2. Tabharfaidh Ballstát fógra don Choimisiún má chuirtear aonad eile in ionad aon bhun aonaid rialtais áitiúil dá dtagraítear san Iarscríbhinn I, de bhua athrú ar a dhlí náisiúnta, a bhfuil na feidhmeanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (a), den Airteagal seo aige nó, de bhua an athraithe sin, má chuirtear deireadh leis an aonad sin nó má chruthaítear aonaid eile den sórt sin.

Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 16, maidir leis an leasú ar Iarscríbhinn I ar bhonn na bhfógraí a fhaightear de bhun an chéad fhomhír den mhír seo.

Airteagal 3

Coinníollacha lena rialaítear an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir

Maidir le haon duine ar an dáta tagartha:

(a) ar saoránach den Aontas é nó í de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE; agus

(b) nach náisiúnach den Bhallstáit chónaithe é nó í, ach a shásaíonn na coinníollacha céanna i leith an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir de réir mar a chuireann an Ballstát an dlí i bhfeidhm maidir lena náisiúnaigh féin,

beidh an ceart chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát cónaithe aige i gcomhréir leis an Treoir seo.

Airteagal 4

Ceanglais maidir le tréimhse chónaithe

1. Más rud é, chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóirí, nach mór do náisiúnaigh an Bhallstáit chónaithe íostréimhse áirithe a bheith caite acu mar chónaitheoir i gcríoch an Bhallstáit sin, measfar an coinníoll sin a bheith comhlíonta ag daoine atá i dteideal vótáil agus seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 má bhí cónaí orthu i mBallstáit eile ar feadh tréimhse choibhéiseach.

2. Más rud é, faoi dhlíthe an Bhallstáit chónaithe, nach féidir lena náisiúnaigh féin vótáil nó seasamh mar iarrthóirí ach sa bhunaonad rialtais áitiúil ina bhfuil a bpríomháit chónaithe, beidh daoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 faoi réir an choinníll sin freisin.

3. Ní dhéanfaidh mír 1 difear:

(a) d’fhorálacha ó aon Bhallstát faoina bhfuil feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir i mbunaonad rialtais áitiúil áirithe faoi réir íostréimhse chónaithe a bheith caite aige nó aici san aonad sin.

(b) d'aon fhoráil náisiúnta a bheidh i bhfeidhm cheana féin an dáta a ghlacfar an Treoir seo, faoina bhfuil feidhmiú an chirt sin chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir faoi réir íostréimhse chónaithe i gcomhchuid den Bhallstát a bhfuil an bunaonad rialtais áitiúil mar chuid de.

Airteagal 5

Neamh-incháilitheacht

1. Is féidir le haon Bhallstát cónaithe foráil a dhéanamh go gcuirfear cosc ar shaoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad ar baineadh a gceart díobh, de thoradh cinneadh aonair faoin dlí sibhialta nó cinneadh an dlí choiriúil, seasamh mar iarrthóir faoi dhlí a mBallstáit baile, an ceart sin a fheidhmiú i dtoghcháin bhardasacha.

2. Féadfar a dhearbhú go bhfuil iarratas ó aon saoránach den Aontas nach náisiúnach é nó í maidir le seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát cónaithe neamh-inghlactha i gcás nach bhfuil an saoránach sin in ann an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 9 (2), pointe (a), ná an fianú dá dtagraítear in Airteagal 9 (2), pointe (b), a sholáthar.

3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach féidir ach a náisiúnaigh féin oifig an chinn, an ionadaí nó an bhaill thofa ar choláiste rialaithe fheidhmeannas an bhunaonaid rialtais áitiúil a shealbhú má thoghtar an duine chun oifige ar feadh thréimhse a sainordaithe.

Féadfaidh na Ballstáit a leagan síos freisin nach bhféadfaidh ach dá náisiúnaigh féin feidhmeanna sealadach nó eatramhach an chinn, an ionadaí nó an bhaill ar choláiste rialaithe fheidhmeannas an bhunaonaid rialtais áitiúil a chur i gcrích.

Ag féachaint do CFAE agus do phrionsabail dhlíthiúla ghinearálta, féadfaidh na Ballstáit bearta iomchuí, riachtanacha agus comhréireacha a dhéanamh chun a áirithiú nach féidir ach lena náisiúnaigh féin na hoifigí dá dtagraítear sa chéad fhomhír a shealbhú agus na feidhmeanna eatramhacha dá dtagraítear sa dara fomhír a chur i gcrích.

4. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh freisin nach bhféadfaidh saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad arna dtoghadh mar bhaill ar chomhairle ionadaíoch a bheith rannpháirteach in ainmniú na dtoscairí ar féidir leo vótáil i dtionól parlaiminteach ná i dtoghadh bhaill an tionóil sin.

Airteagal 6

Neamh-chomhoiriúnacht

1. Beidh daoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 faoi réir na gcoinníollacha céanna a bhaineann le neamhréireacht agus a bhaineann, faoi dhlíthe an Bhallstáit chónaithe, le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go bhfuil sé neamhréireach a bheith in oifig bhardasach thofa sa Bhallstát cónaithe agus a bheith in oifigí eile i mBallstáit eile atá coibhéiseach leo siúd a bhfuil neamhréireacht sa Bhallstát cónaithe mar thoradh orthu.

CAIBIDIL II

Feidhmiú an chirt chun vótáil agus chun seasamh mar iarrthóir

Airteagal 7

An tsaoirse chun vótáil sa Bhallstát cónaithe

1. Feidhmeoidh daoine atá i dteideal vótáil de bhun Airteagal 3 ('vótálaithe de bhun Airteagal 3') gceart chun vótáil i dtoghcháin bhardasacha sa Bhallstát cónaithe má chuir siad in iúl gur mian leo é sin a dhéanamh.

2. Má tá an vótáil éigeantach sa Bhallstát cónaithe, beidh d'oibleagáid ar vótálaithe de bhun Airteagal 3 atá curtha ar an rolla toghthóirí vóta a chaitheamh.

3. Féadfaidh na Ballstáit nach bhfuil an vótáil éigeantach iontu foráil a dhéanamh maidir le clárú uathoibríoch vótálaithe de bhun Airteagal 3 ar an rolla toghthóirí.

Airteagal 8

Daoine a chur leis an rolla toghthóirí agus a bhaint de

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun gur féidir vótálaí de bhun Airteagal 3 a chur ar an rolla toghthóirí in am agus i dtráth roimh lá na vótála.

2. Chun go gcuirfear a n-ainm ar an rolla toghthóirí, soláthróidh vótálaithe de bhun Airteagal 3 na doiciméid chéanna a sholáthróidh vótálaithe ar náisiúnach iad.

Féadfaidh an Ballstát cónaithe a cheangal ar vótálaí de bhun Airteagal 3 doiciméad bailí aitheantais a sholáthar, mar aon le dearbhú foirmiúil ina luaitear a n-ainm, a náisiúntacht, a ndáta breithe agus a n-áit bhreithe agus a seoladh i dtoghchríoch na mBallstát cónaithe. Féadfaidh na Ballstáit a cheangal freisin go n-áireofar sa dearbhú foirmiúil sonraí teagmhála breise amhail uimhir theileafóin nó seoladh ríomhphoist.

3. Fanfaidh vótálaithe de bhun Airteagal 3 a cuireadh ar an rolla toghthóirí sa Bhallstát cónaithe ar an rolla sin, faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe ar náisiúnaigh iad, go dtí cibé tráth a bhainfear iad de mar ní chomhlíonann siad na ceanglais maidir le feidhmiú an chirt chun vótáil. I gcás ina bhfuil forálacha i bhfeidhm chun fógra a thabhairt do náisiúnaigh gur baineadh iad den rolla toghthóirí, beidh feidhm ag na forálacha sin maidir le vótálaithe de bhun Airteagal 3 ar an mbealach céanna.

Féadfar vótálaithe a cuireadh ar an rolla toghthóirí arna iarraidh sin dóibh a bhaint de freisin má iarrann siad amhlaidh.

Má bhogann na vótálaithe sin go dtí bunaonad rialtais áitiúil eile sa Bhallstát céanna, cuirfear iad ar an rolla toghthóirí san aonad sin faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe ar náisiúnaigh iad.

4. Gan dochar do rialacha ó aon Bhallstát a bhaineann leis an gceart chun vótáil nó chun seasamh mar iarrthóir atá ag náisiúnaigh a bhfuil cónaí orthu lasmuigh dá chríoch, ní bheidh de thoradh ar vótálaithe de bhun Airteagal 3 a cuireadh ar an rolla toghthóirí ina mBallstát cónaithe go mbainfear iad den rolla toghthóirí sa Bhallstát baile.

Airteagal 9

Clárú mar iarrthóir

1. Agus iarratas á chur isteach acu chun seasamh mar iarrthóir, soláthróidh daoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 na doiciméid chéanna a sholáthróidh iarrthóirí ar náisiúnaigh iad. Féadfaidh an Ballstát cónaithe a cheangal ar na daoine sin doiciméad bailí aitheantais mar aon le dearbhú foirmiúil a sholáthar ina luaitear a n-ainm, a náisiúntacht, a ndáta breithe agus a n-áit bhreithe agus a seoladh i dtoghchríoch na mBallstát cónaithe.

2. Féadfaidh an Ballstát cónaithe a cheangal ar dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a lua sa dearbhú foirmiúil dá dtagraítear i mír 1 nár baineadh an ceart díobh chun seasamh mar iarrthóir ina mBallstát baile;

(b) i gcás ina bhfuil amhras maidir le hinneachar an dearbhaithe fhoirmiúil dá dtagraítear i bpointe (a), fianú a sholáthar ó na húdaráis riaracháin inniúla ina mBallstát baile roimh an toghchán nó ina dhiaidh lena ndeimhnítear nár baineadh an ceart chun seasamh mar iarrthóir sa Bhallstát sin díobh nó nach bhfuil aon díothú den sórt sin ar eolas ag na húdaráis sin;

(c) a lua sa dearbhú foirmiúil dá dtagraítear i mír 1 sonraí teagmhála breise amhail uimhir theileafóin nó seoladh ríomhphoist. Ú

(d) a lua sa dearbhú foirmiúil dá dtagraítear i mír 1 nach bhfuil aon oifig acu a bheadh neamhréireach de réir bhrí Airteagal 6(2);

(e) an seoladh deireanach a bhí acu ina mBallstát baile a léiriú, a mhéid go raibh ceann acu.

Airteagal 10

Bealaí sonracha vótála

Ballstáit a dhéanann foráil maidir leis an bhféidearthacht go vótálfadh náisiúnaigh trí réamhvótáil, vótáil poist nó vótáil leictreonach nó vótáil idirlín, i dtoghcháin bhardasacha, áireoidh na Ballstáit sin go mbeidh modhanna vótála den sórt sin ar fáil do vótálaithe de bhun Airteagal 3 faoi na coinníollacha céanna.

Airteagal 11

Cinneadh maidir le clárú agus leigheasanna dlí

1. Cuirfidh údaráis inniúla an Bhallstáit chónaithe na daoine lena mbaineann ar an eolas go tráthúil agus i dteanga ghlan shoiléir faoin gcinneadh a glacadh maidir le hiarratas an duine sin go gcuirfí ar an rolla toghthóirí iad nó faoin gcinneadh i leith inghlacthacht iarratas an duine sin maidir le seasamh mar iarrthóir. Féadfar fógra maidir le hiarratas chun seasamh mar iarrthóir a eisiúint chuig ionadaí údaraithe freisin.

2. Mura gcuirtear saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad ar an rolla toghthóirí nó má dhiúltaítear -d'iarratas ó shaoránach den sórt sin go gcuirfí ar an rolla toghthóirí iad nó má dhiúltaítear d'iarratas ó shaoránach den sórt sin chun seasamh mar iarrthóir, beidh an duine lena mbaineann i dteideal leigheasanna dlí a fháil faoi na téarmaí céanna lena bhforordaítear le dlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

3. I gcás earráidí sa rolla toghthóirí nó i liosta na n-iarrthóirí do thoghcháin bhardasacha, beidh an duine lena mbaineann i dteideal leigheasanna dlí ar na téarmaí comhchosúla lena bhforordaítear i ndlíthe an Bhallstáit chónaithe do vótálaithe agus do dhaoine i atá dteideal seasamh mar iarrthóirí ar náisiúnaigh dá chuid iad.

Airteagal 12

Faisnéis a sholáthar

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an fhreagracht ar údarás amháin nó níos mó as na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go gcuirtear saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad ar an eolas go tráthúil faoi na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha.

2. Áiritheoidh na Ballstáit ndéanfaidh na húdaráis inniúla de bhun mhír 1 an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil go tráthúil do vótálaithe cláraithe den Aontas de bhun Airteagal 3 agus do shaoránaigh chláraithe den Aontas atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3:

(a) stádas a gcláraithe, arna iarraidh sin.

(b) dáta an toghcháin agus conas vótáil agus cén áit,

(c) conas tuilleadh faisnéise a fháil maidir le heagrú an toghcháin, lena n-áirítear liosta na n-iarrthóirí.

3. An fhaisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2, cuirfear ar fáil í i gcomhréir leis na ceanglais cháilíochta a leagtar amach in Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) i gceann amháin nó níos mó de theangacha oifigiúla an Bhallstáit chónaithe.

Faisnéis ghinearálta maidir le heagrú toghchán, lena n-áirítear na coinníollacha maidir le clárú mar vótálaí nó iarrthóir, dáta an toghcháin agus cén chaoi agus cá háit le vótáil beidh sí ar fáil freisin i gceann amháin eile ar a laghad de theangacha oifigiúla an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2018/1724 nó a bhfuil tuiscint éigin ag saoránaigh den Aontas a bhfuil cónaí orthu ar chríoch an Bhallstáit chónaithe. Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a sholáthar le haghaidh na n-aistriúchán sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2018/1724. Ní bheidh ach feidhm faisnéise ag na haistriúcháin sin agus ní bheidh aon éifeacht dhlíthiúil acu.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir leis na coinníollacha agus na rialacha mionsonraithe chun clárú mar vótálaí nó iarrthóir i dtoghcháin bhardasacha agus an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 ar fáil, go háirithe do dhaoine faoi mhíchumas, trí bhealaí, modhanna agus formáidí cumarsáide iomchuí a úsáid.

CAIBIDIL III

Maoluithe agus bearta idirthréimhseacha

Airteagal 13

Maoluithe

1. Más rud é go dtéann an cion de shaoránaigh den Aontas i mBallstát ar leith in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann ach nach náisiúnaigh dá chuid iad thar 20 % den líon iomlán de shaoránaigh den Aontas idir náisiúnaigh agus neamhnáisiúnaigh in aois vótála a bhfuil cónaí orthu ann, féadfaidh an Ballstát, de mhaolú ar an Treoir seo:

(a) srian a chur ar an gceart chun vótáil do vótálaithe de bhun Airteagal 3 a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh íostréimhse, tréimhse nach bhféadfaidh bheith níos faide ná an téarma dá bhfuil comhairle ionadaíoch na bardasachta tofa;

(b) srian a chur ar an gceart chun seasamh mar iarrthóir do dhaoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 a bhfuil cónaí orthu sa Bhallstát sin ar feadh íostréimhse, tréimhse nach bhféadfaidh bheith níos faide ná dhá uair an téarma dá bhfuil comhairle ionadaíoch na bardasachta tofa; agus

([8]) Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le pointe rochtana aonair digiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1724/oj).

(c) bearta iomchuí a dhéanamh maidir le comhdhéanamh liostaí na n-iarrthóirí chun lánpháirtíocht saoránaigh den Aontas nach náisiúnaigh iad a spreagadh go háirithe.

2. Féadfaidh Ríocht na Beilge, de mhaolú ar fhorálacha na Treorach seo, forálacha mhír 1, pointe (a), a chur i bhfeidhm i leith líon teoranta aonaid rialtais áitiúil; cuirfidh sí an liosta díobh sin ar fáil bliain amháin ar a laghad roimh thoghcháin na n-aonad rialtais áitiúil a bhfuil sé ar intinn aici an maolú a agairt ina leith.

3. Más rud é go bhforordaítear le dlíthe Ballstáit go bhfuil an ceart chun vótáil le haghaidh pharlaimint náisiúnta an Bhallstáit sin ag náisiúnaigh de Bhallstát eile a bhfuil cónaí orthu sa chéad Bhallstát agus, chun na críche sin, go bhféadfar iad a chur ar rolla toghthóirí an Bhallstáit sin faoi na coinníollacha céanna le vótálaithe náisiúnta, féadfaidh an chéad Bhallstát, de mhaolú ar an Treoir seo, staonadh ó Airteagail 6 go 11 a chur i bhfeidhm i leith na náisiúnach sin.

4. 6 bliana tar éis 24 Meitheamh 2026 agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle lena ndéanfar seiceáil an bhfuil gá fós leis an maolú a deonaíodh do na Ballstáit lena mbaineann de bhun Airteagal 22 (1) CFAE agus molfaidh sé aon choigeartuithe is gá. Tabharfaidh na Ballstáit a agróidh maoluithe faoi mhír 1 agus faoi mhír 2 gach faisnéis chúlra is gá don Choimisiún.

CAIBIDIL IV

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 14

Tuairisciú

Laistigh de 6 bliana ón 24 Meitheamh 2026 agus gach 6 bliana ina dhiaidh sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm na Treorach seo, lena n-áirítear maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5(3) de. Sa tuarascáil sin, i gcás ina mbeidh fáil orthu, beidh sonraí staidrimh maidir le rannpháirtíocht vótálaithe i dtoghcháin bhardasacha de bhun Airteagal 3 agus daoine atá i dteideal seasamh mar iarrthóirí de bhun Airteagal 3 agus achoimre de na bearta a ghlactar ina leith sin. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall tacú leis an gCoimisiún tríd an bhfaisnéis atá ar fáil a sholáthar.

Airteagal 15

Meastóireacht

Laistigh de 10 mbliana ón 24 Meitheamh 2026, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar chur i bhfeidhm na Treorach seo agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta ar fáil maidir leis an dul chun cinn i dtreo na cuspóirí atá ann a bhaint amach.

Airteagal 16

An tarmligean a fheidhmiú

1. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 2(2) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama amhail ón 24 Meitheamh 2026.

3. Féadfaidh an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr an 13 Aibreán 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe, tabharfaidh sé fógra faoi don Chomhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(2) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh an Chomhairle tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh sí aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh na Comhairle.

7. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghníomhartha tarmligthe a bheith á nglacadh ag an gCoimisiún, faoi aon agóid a dhéantar ina leith, nó faoi tharmligean na gcumhachtaí a bheith á chúlghairm ag an gComhairle.

Airteagal 17

Trasuí

1. Tabharfaidh na Ballstáit i bhfeidhm na forálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin is gá chun Airteagal 8(2), (3) agus (4), Airteagail 9 agus 10, Airteagal 11(1) agus (3), Airteagail 12 agus 14 agus Iarscríbhinn I faoin 25 Meitheamh 2028. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Áireofar iontu freisin ráiteas go ndéanfar tagairtí don Treoir a aisghairtear leis an Treoir seo i bhforálacha reachtaíochta, rialúcháin agus riaracháin atá ann cheana a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh agus conas a dhéanfar an ráiteas sin a leagan amach.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs fhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 18

Aisghairm

Aisghairtear Treoir 94/80/CE, arna leasú leis na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn II, i gCuid A; le héifeacht ón 26 Meitheamh 2028, gan dochar d'oibleagáidí na mBallstát maidir leis na teorainneacha ama chun na Treoracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II; Cuid B; a thrasuí sa dlí náisiúnta.

Déanfar tagairtí don Treoir aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Treoir seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn III.

Airteagal 19

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 1 go 7, 8(1), 11(2) agus 13 ón 26 Meitheamh 2028.

Airteagal 20

Seolaithe

Dírítear an Treoir seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Bealtaine 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. RAOUNA

IARSCRÍBHINN I

Ciallaíonn ‘bunaonad rialtais áitiúil’ de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (a), den Treoir seo aon cheann de na nithe seo a leanas:

— sa Bheilg: commune/gemeente/Gemeinde, conseil de district/districtsraad/Distriktrat,

— sa Bhulgáir: община/кметство/Общината е основната административно-териториална единица, в която се осъществява местното самоуправление,

— i bPoblacht na Seice: obec, městský obvod nebo městská část územně členěného statutárního města, městská část hlavního města Prahy,

— sa Danmhairg: kommune, region,

— sa Ghearmáin: kreisfreie Stadt bzw. Stadtkreis; Kreis; Gemeinde, Bezirk in der Freien und Hansestadt Hamburg und im Land Berlin; Stadtgemeinde Bremen in der Freien Hansestadt Bremen, Stadt-, Gemeinde-, oder Ortsbezirke bzw. Ortschaften,

— san Eastóin: vald, linn,

— in Éirinn: contaetha, cathracha, agus cathracha agus contaetha,

— sa Ghréig: δήμος, δημοτική κοινότητα,

— sa Spáinn: municipio, entidad de ámbito territorial inferior al municipal,

— sa Fhrainc: commune, arrondissement dans les villes déterminées par la législation interne, section de commune,

— sa Chróit: općina, grad, županija,

— san Iodáil: comune, circoscrizione,

— sa Chipir: δήμος, κοινότητα,

— sa Laitvia: novads, valstspilsēta,

— sa Liotuáin: Savivaldybė,

— i Lucsamburg: commune,

— san Ungáir: települési önkormányzat területi önkormányzat; fővárosi önkormányzat,

— i Málta: Kunsill Lokali,

— san Ísiltír: gemeente, san Ostair:

— Gemeinden, Bezirke in der Stadt Wien,

— sa Pholainn: gmina,

— sa Phortaingéil: município, freguesia,

— sa Rómáin: comuna, orașul, municipiul, sectorul (numai în municipiul București) și județul,

— sa tSlóivéin: občina,

— sa tSlóvaic: samospráva obce: obec, mesto, hlavné mesto Slovenskej republiky Bratislava, mesto Košice, mestská časť hlavného mesta Slovenskej republiky Bratislavy, mestská časť mesta Košice; samospráva vyššieho územného celku: samosprávny kraj,

— san Fhionlainn: kunta, kommun, kommun på Åland, aluevaalit,

— sa tSualainn: kommuner, regioner.

IARSCRÍBHINN II

CUID A

An Treoir Aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh uirthi

(dá dtagraítear in Airteagal 17)

Treoir 94/80/CE ón gComhairle (IO L 368, 31.12.1994, lch. 38)	
Treoir 2006/106/CE ón gComhairle (IO L 363, 20.12.2006, lch. 409)	
Treoir 2013/19/AE ón gComhairle (IO L 158, 10.6.2013, lch. 231)	

CUID B

Teorainneacha ama don trasuí sa dlí náisiúnta

(dá dtagraítear in Airteagal 17)

Treoir	Teorainn ama don trasuí
Treoir 94/80/CE ón gComhairle	An 1 Eanáir 1996
Treoir 2006/106/CE ón gComhairle	An 1 Eanáir 2007
Treoir 2013/19/AE ón gComhairle	An 1 Iúil 2013

IARSCRÍBHINN III

Tábla Comhghaoil

Treoir 94/80/CE	An Treoir seo
Airteagal 1	Airteagal 1
Airteagal 2(1)	Airteagal 2(1)
Airteagal 2(2)	Airteagal 2(2), first subparagraph
—	Airteagal 2(2), second subparagraph
Airteagail 3 to 7	Airteagail 3 to 7
Airteagal 8(1), (2) and (3)	Airteagal 8(1), (2) and (3)
—	Airteagal 8(4) and (5)
Airteagal 9(1)	Airteagal 9(1)
Airteagal 9(2)	Airteagal 9(2)
—	Airteagal 9(3)
—	Airteagal 10
Airteagal 10(1)	Airteagal 11(1)
Airteagal 10(2)	Airteagal 11(2)
—	Airteagal 11(3)
Airteagal 11	Airteagal 12(1)
—	Airteagal 12(2)
—	Airteagal 12(3)
—	Airteagal 12(4)
Airteagal 12	Airteagal 13
Airteagal 13	Airteagal 14
—	Airteagal 15
—	Airteagal 16
Airteagal 14	Airteagal 17
—	Airteagal 18
Airteagal 15	Airteagal 19

Treoir 94/80/CE	An Treoir seo
Airteagal 16	Airteagal 20
Iarscríbhinn	Iarscríbhinn I
—	Iarscríbhinní II agus III